Gás nádúrtha tí
Téarmaí agus coinníollacha

Bord Gáis Energy
samhlaímis



BGE/RG/TAC/0811

Lúnasa 2011

Seo iad ár gcoinníollacha caighdeánacha nua (Lúnasa 2011) atá faofa ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Tiocfaidh siad seo isteach in áit na leaganacha a bhí ann roimhe seo.

Mar chustaiméir tí measfar go mbeidh na Coinníollacha seo glactha agat agus go mbeidh siad ina gceangal ort ón tráth a gheobhaidh tú iad.

Iarraimid ort an Fógra Cosanta Sonraí i gCoinníollacha 24 agus 25 a léamh go cúramach.

www.bordgaisenergy.ie

Má theastaíonn cúnamh nó comhairle uait déan teagmháil linn le do thoil:

Teil: 1850 632 632
Facs: 1850 631 631
info@bordgais.ie
Minicom: 1850 630 630
(do chustaiméirí lagéisteachta)

Seirbhísí do chustaiméirí
Gás nádúrtha tí
Bord Gáis Energy
Bosca Oifig Phoist 10943
Baile Átha Cliath 1

D'fhéadfaí glaonna a thaifead agus monatóireacht a dhéanamh orthu ionas go leanfar den leibhéal is fearr seirbhísí a sholáthar.

1 Sainmhínithe

1.1 De réir na gcoinníollacha seo is iad na bríonna seo a leanas a bheidh leis na focail thíos:

Ciallaíonn "**Fearais**" gach cócaireán, coire, téitheoir agus trealamh eile a ídíonn Gás Nádúrtha (lena n-áirítear an phíbobair lena mbaineann) atá suiteáilte san Áitreabh lasmuigh den Mhéadar ach ní áirítear an Méadar ná feistis ar bith agus píbobair ar bith atá suiteáilte isteach go dtí an Méadar.

Ciallaíonn "**Tréimhse Bhilleála**" tréimhse Mhí nó dhá Mhí (ag brath ar do tharaif) a n-eiseoimid sonraisc chugat ina leith de réir an Chonartha seo.

Ciallaíonn "**Bord Gáis Éireann**" comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an Acht Gáis 1976, a bhfuil a phríomhoifig aige ar Bhóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, ag gníomhú dó trína ghnó soláthair fuinnimh, Bord Gáis Energy agus trína ghnó líonra, Bord Gáis Networks.

Ciallaíonn "**Bord Gáis Energy**" nó "**muid**" nó "**sinn**" Bord Gáis Éireann, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, ag gníomhú dó mar sholáthraí fuinnimh trína ghnó soláthair Bord Gáis Energy, Sráid Uí Fhoghlú, Baile Átha Cliath 1.

Ciallaíonn "**Bord Gáis Networks**" gnó líonraí Bhord Gáis Éireann, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, ag gníomhnú mar ghníomhaire le haghaidh agus thar ceann Gaslink (agus a chomharbaí agus sannaithe).

Ciallaíonn "**Coimisiún**" an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

Ciallaíonn "**Coinníollacha**" Coinníollacha caighdeánacha soláthair atá leagtha amach sa cháipéis seo.

Ciallaíonn "**Comhaontú Ceangail**" comhaontú idir tusa agus Bord Gáis Networks lena rialaítear an Ceangal Gáis Nádúrtha. Féadfaidh tú cóip den chomhaontú seo a iarraidh ar Bord Gáis Networks.

Ciallaíonn"**Conradh**" conradh idir tusa agus muidne le haghaidh Gás Nádúrtha a sholáthar.

Ciallaíonn "**Córas Dáilte**" an córas faoi úinéireacht Bord Gáis Networks agus á oibriú ag Bord Gáis Networks thar ceann Gaslink chun Gás Nádúrtha a dháileadh timpeall na hÉireann.

Ciallaíonn "**seirbhís práinnfhreagartha**" an Tseirbhís Práinnfhreagartha sainithe ag an gCoimisiúin agus á hoibriú chun críocha tuairiscí faoi éigeandálaí Gáis Nádúrtha nó éigeandálaí amhrasta lena n-áirítear sceithí agus pléascthaí amhrasta a ghlacadh agus freagairt dóibh.

Ciallaíonn "**FAR**" (Réamhaisnéis, Leithdháileadh agus Réiteach) modh chun tomhaltas gáis a mheas gan fíorléamh Méadair a bheith ann. Cuireann Bord Gáis Networks i gcrích é agus faomhann an Coimisiún é.

Ciallaíonn "**Cárta Gáis**" cárta inléite ag ríomhaire a eisímid a dhéanfaidh do chreidmheasanna Gáis Nádúrtha réamhíoctha a thaifeadadh agus a chuirtear isteach i do Mhéadar Réamhíocaíochta.

Ciallaíonn "**Gaslink**" Gaslink Limited, 6 Cé an Lapaigh, Corcaigh a cheap an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh mar oibritheoir ceadúnaithe neamhspleách Chóras Dáilte Bord Gáis Networks (agus a chomharbaí agus sannaithe).

"**Mórluach Calrach**" líon na gGigigiúl a fhaightear trí 1013.25 Milleabar Absalóideach a lándó ag brúthairiseach cúig Chéim déag (15 chéim) Celsius faoi fhórsa imtharraingthe caighdeánach d'aon Mhéadar Ciúbach (1 mhéadar ciúbach) Gás Nádúrtha ag cúig Chéim déag (15 chéim) Celsius agus an bharraíocht aeir ag an teocht chéanna leis an nGás Nádúrtha, nuair a dhéantar na táirgí dócháin a fhuarú go dtí cúig Chéim déag (15 chéim) Celsius agus nuair a dhéantar an t-uisce a cruthaítear trí dhó a chomhdhlúthú i bhfoirm leachtach agus tá sa toradh dócháin an lánmhais galuisce chéanna agus atá sa Ghás Nádúrtha agus aer roimh dhóchán.

Ciallaíonn "**treoir maidir le rogha dheiridh sholáthair**" treoir a thugann an Coimisiún do sholáthraí a cheanglaíonn air soláthar Gáis Nádúrtha a chur ar fáil d'áitribh a bhí á sholáthar ag soláthraí eile roimhe sin.

Ciallaíonn "**Ceadúnas**" Ceadúnas a dheoin an Coimisiún dúinn chun Gás Nádúrtha a sholáthar.

Ciallaíonn "**Méadar**" an Méadar Gáis Nádúrtha agus aon fheistis agus aon phíobáin lena mbaineann a chuir Bord Gáis Networks isteach ar mhaithe le méid an Ghais Nádúrtha a úsáideann tú ar an Áitreabh a mheas lena n-áirítear aon Mhéadar nó Méadair de chineál ar bith a soláthraíodh duit aon tráth ag an Áitreabh.

Ciallaíonn "**Gás Nádúrtha**" aon ghás a iompraítear tríd an gcóras Gáis Nádúrtha.

Ciallaíonn "**Ceangal Gáis Nádúrtha**" an ceangal idir an líonra Gáis Nádúrtha agus an t-áitreabh isteach go dtí an méadar agus an Méadar san Áireamh.

"**líonra**" a chiallaíonn na píobáin tarchurtha agus dáilte a úsáidtear chun Gás Nádúrtha a tharchur chuig Éirinn, a dháileadh ar Éirinn agus a sholáthar d'Éirinn, uaithi nó inti.

Ciallaíonn "**éigeandáil líonra**" éigeandáil ina gcuirtear daoine agus/nó maoin i mbaol mar gheall ar dhiall maidir le brú gáis nó cáilíocht ghais sa líonra nó in aon chuid den líonra.

Ciallaíonn "**Bainisteoir Éigeandálaí Gáis Náisiúnta**" duine a cheapann an Coimisiún mar bhainisteoir éigeandálaí gáis náisiúnta a bhainistíonn éigeandáil líonra.

Ciallaíonn "**Áitreabh**" an t-Áitreabh atá sainithe san iarratas a líon tú isteach ar sholáthar Gáis Nádúrtha nó cibé Áitribh eile a chuirfidh tú in iúl dúinn agus a ghlacfaimid leis ó am go chéile.

Ciallaíonn "**Méadar Réamhíocaíochta**" Méadar ríomhairithe réamhíocaíochta lenar féidir Gás Nádúrtha a réamhíoc linne agus Cárta Gáis á úsáid.

Ciallaíonn "**Oibreacha láithreáin**" aon oibreacha a dhéanann Bord Gáis Networks maidir le Ceangal Gáis Nádúrtha an chustaiméara agus aon phíosa oibre eile mar atá leagtha amach i dtáillí Oibreacha láithreáin Bord Gáis Networks arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear an Méadar nó an trealamh a úsáidtear i soláthar agus iompar an Ghais Nádúrtha a sholáthar, a shuiteáil, a dheisiú, a chothabháil, a ghlasú, a dhíghlasáil, a dhícheangal nó a athcheangal ach gan a bheith teoranta do na nithe sin

Ciallaíonn "**custaiméirí seirbhísí speisialta**" custaiméirí a bhfuil aois an phinsin bainte amach acu (66 bliain d'aois agus níos sine), a bhfuil lagú éisteachta, radhairc nó gluaisteachta orthu nó de réir mar a shaineoidh an Coimisiún ó am go chéile.

Ciallaíonn "**struchtúr taraifí**" ár liosta taraifí reatha agus ár struchtúr praghsála a bhfuil feidhm aige maidir le gach ceann.

Ciallaíonn "**Tusa**" tusa an custaiméir a rinne an Conradh chun Gás Nádúrtha a sholáthar don Áitreabh.

1.2 Séard a bheidh sna Tagairtí sna Coinníollacha maidir le doiciméad ná tagairtí maidir le doiciméad mar a leasaíodh nó mar a athchuireadh iad ó am go chéile.

2. Díolachán agus Soláthar

(a) Díolfaimid Gás Nádúrtha leat agus soláthróimid duit é ag an Áitreabh faoi réir na gCoinníollacha seo go dtí go gcuirfidh ceachtar againn deireadh leis an gconradh de réir Choinníollacha 15 agus 16. D'fhéadfaimid téarmaí agus coinníollacha breise a bhaineann leis an táirge a eisiúint ag brath ar pé táirge atá roghnaithe agat. Le chéile, is Conradh iad seo eadrainn.

(b) I gcás nach bhfuilimid ag soláthar don Áitreabh cheana féin, tosóimid ag soláthar don Áitreabh an dáta a chuirfimid in iúl duit agus tosóidh an Conradh an dáta sin.

3. Méadrú agus Billeáil

(a) Beidh an soláthar Gáis Nádúrtha á thomhas ag an Méadar agus trealamh méadraithe a dhéanfar a shuiteáil agus a chothabháil de réir an Chomhaontaithe Ceangail lena mbaineann ina mbeidh na príomhthéarmaí tráchtála leagtha amach maidir le hualaí a cheangal le Córas Dáilte Bord Gáis Networks ag d'Áitreabh. Léifidh foireann, gníomhairí nó conraitheoirí Bord Gáis Networks an Méadar.

(b) Féadfaidh Bord Gáis Networks meastachán ar do thomhaltas Gáis Nádúrtha a dhéanamh de réir an phróisis FAR, idir do léamha Méadair. Áireofar

léamh measta Méadair de réir phróiseas FAR agus aird á tabhairt ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear úsáid Gáis Nádúrtha roimhe sin ag an Áitreabh, an t-am den bhliain agus cineál an Áitribh (ach gan a bheith teoranta do na nithe sin).

(c) Cuirfimid billí chugat go rialta le haghaidh an Gháis Nádúrtha a úsáideann tú. Féadfaidh táillí ar sheirbhísí a d'aontaíomar a sholáthar duit a bheith san áireamh i do bhille agus beidh VAT san áireamh.

(d) Má aimsíonn tú nó má aimsímid go bhfuil aon léamh Méadair míchruinn nó ar lár, nó nár athraíodh na léamha ina dtáillí mar is ceart, ní mór duit nó dúinn, de réir mar a bheidh, aon airgead atá dlite a íoc linn ag dáta an chéad bhille eile.

(e) I gcás nach raibh deis againn na léamha Méadair a fháil ar chúis éigin, bainfimid úsáid as léamha measta. Is féidir leat do léamh Méadair féin a chur ar fáil dúinn trí ghlaoch a chur ar 1850 632 632.

(f) Más amhlaidh go soláthraímid Gás Nádúrtha duit ach nach bhfuil an Gás Nádúrtha ar fad a sholáthraítear nó cuid de cláraithe ag an Méadar (mar gheall ar fhabht nó cur isteach gan údarú nó ar aon chúis eile), ní mór duit suim a íoc arb ionann é agus an táille a bheadh le híoc dá mbeadh an Méadar nó an trealamh méadraithe ag obair mar is ceart.

(g) Is féidir a thuilleadh eolais faoi do bhille a fháil inár gcód cleachtais dar teideal "Ag Íoc as do Bhille Leictreachais" agus féadtar é a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Coinníoll 21.

4. Téarmaí agus Coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le do Sholáthar Gáis Nádúrtha

(a) I gcomaoin Chóras Dáilte Bord Gáis Networks, agus mar choinníoll chun a bheith ceangailte leis d'fhonn soláthar Gás Nádúrtha a fháil agus ar leorchomaoin luachmhar eile (a aithnítear leis seo go bhfuarthas é seo agus gur leor é), glacann tú leis seo agus aontaíonn tú a bheith faoi cheangal na dtéarmaí agus coinníollacha a soláthraítear agus a n-oibrítear ceangal le Córas Dáilte Bord Gáis Networks dá réir.

(b) Tá na téarmaí agus coinníollacha seo, ar a dtugtar "Téarmaí agus Coinníollacha Gaslink, BGN le haghaidh Úsáideoirí Gáis ag Pointí Tógála As Méadraithe Neamhlaethúla (NDM)", ar fáil ag www.gaslink.ie agus www.bge.ie/networks trí dhul i dteagmháil le Bord Gáis Networks ag 1850 200 694 agus déantar iad idir tusa agus Bord Gáis Networks, ag gníomhú dó mar ghníomhaire le haghaidh agus thar ceann Gaslink ar dháta an Chomhaontaithe seo agus ón dáta sin.

5. Rochtain agus Oibreacha Láithreáin

(a) Is le Bord Gáis Networks gach trealamh agus fearais isteach go dtí an Méadar agus an méadar san áireamh agus caithfear iad a úsáid de réir na dtreoracha agus na dtéarmaí agus coinníollacha de chuid Bord Gáis Networks. Níl aon dualgas ar Bord Gáis Energy an Méadar ná aon trealamh méadraithe eile ná píbobair lena mbaineann a chothabháil. Tá tusa freagrach as píbobair ón Méadar chuig d'Áitreabh agus as d'Fhearais atá nasctha leis. Ní ghlacann Bord Gáis Energy ná Gaslink ná Bord Gáis Networks aon fhreagracht ina gcothabháil.

(b) Caithfidh an custaiméir aon choinníollacha a thugann Bord Gáis Networks nó an Soláthraí thar ceann Bord Gáis Networks dóibh maidir leis an gCeangal Gáis Nádúrtha nó aon ábhair eile lena mbaineann. Is féidir cóip de théarmaí agus coinníollacha Bord Gáis Networks a fháil ar a suíomh Gréasáin ag www.gaslink.ie agus www.bge.ie/networks nó trí ghlaoch ar 1850 200 694 .

(c) Toilíonn tú a bheith faoi cheangal aon choinníollacha a thugann Bord Gáis Networks duit nó a thugaimid duit thar ceann Bord Gáis Networks maidir le do Cheangal Gáis Nádúrtha agus aon ábhair lena mbaineann.

(d) Tá tú freagrach as aire cheart a thabhairt don Mhéadar i dtólamh. Ní chuirfidh tú isteach ar an Méadar ná ní thabharfaidh tú cead d'aon duine cur isteach ar an Méadar, bíodh le haghaidh deisiúchán nó ar chúis ar bith eile gan cead ó Bord Gáis Networks, agus cuirfidh tú in iúl do Bord Gáis Networks agus/nó dúinne go pras

má bhíonn fabht ar bith sa Mhéadar nó má bhíonn gá le haon athrú nó le haon cúram eile.

(e) Féadfaidh tú iarraidh ar Bord Gáis Networks aon Oibreacha láithreáin a dhéanamh ag an Áitreabh de réir théarmaí an Chonartha seo.

(f) Cuirfidh Bord Gáis Networks (agus nuair is cuí muidne) an costas agus na téarmaí íocaíochta in iúl duit nuair a iarrfaidh tú go ndéanfar na hOibreacha Láithreáin.

(g) Féadfaimid a iarraidh go ndéanfar Oibreacha Láithreáin ag an Áitreabh de leithéid na nithe seo a leanas; glasú, díghlasáil, dícheangal, athcheangal nó an Méadar a sheirbhísiú.

(h) Tá tú freagrach as na costais ar fad (VAT san áireamh) a bhaineann leis na hOibreacha Láithreáin i gcás go n-iarraimid nó go n-iarrann tusa iad. Áirítear leis seo aon chostais a thabhaítear mar thoradh ar na hOibreacha Láithreáin a bheith curtha ar ceal agat nó mar gheall ar fhaillí ar do thaobhsa.

(i) Tá tú freagrach chomh maith as táillí ar bith atá le híoc má thugann Bord Gáis Networks cuairt ar an Áitreabh le tabhairt faoi na hOibreacha Láithreáin tráth a aontaítear leatsa, ach nach féidir amhlaidh a dhéanamh mar gheall ar fhaillí ar do thaobhsa.

(j) Ní mór duit cead a thabhairt do phearsanra, gníomhairí nó conraitheoirí údaraithe Bord Gáis Networks dul isteach i d'Áitreabh a bhfuil gás á sholáthar dó chun críocha an Méadar nó na Méadair a léamh, a iniúchadh, a dhícheangal, a ghlasáil nó a thógáil agus chun gach críche eile i ndáil le gás a sholáthar. Beidh cead dul isteach amhlaidh gach tráth réasúnach agus aon tráth i gcás éigeandála nó éigeandála sa líonra.

(k) Mura n-éiríonn leat Coinníoll 3 (Méadrú agus Billeáil) nó 5 (Rochtain agus Oibreacha Láithreáin) a chomhlíonadh agus má chuireann sé seo isteach nó má chuireann sé moill ar íocaíocht i ndáil le Gás Nádúrtha a úsáideann tú, beidh cead againn caitheamh leis seo mar fhaillí nó mar dhiúltú d'íocaíocht chun críocha an Chonartha seo.

6. Praghas ar ghás

(a) Tá costas an Gháis Nádúrtha a sholáthraímid leagtha amach inár struchtúr taraifí, a fhoilsímid ó am go ham agus a fhaomhann an Coimisiún.

(b) Tá ár struchtúr taraifí cothrom le dáta léirithe ar ár suíomh Gréasáin www.bordgaisenergy.ie nó is féidir teacht air ach teagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 21.

(c) Táimid i dteideal an praghas a athrú a luaithe agus a chuirfimid in iúl duit é trí fhógra a fhoilsiú i nuachtán laethúil náisiúnta ar bith nó trí fhógra i dtaobh an athraithe a chur chugat leis an bpost. Luafar in aon fhógraíocht nó aon fhógra den chineál sin an dáta óna dtiocfaidh an t-athrú in éifeacht.

(d) Féadfaidh tú comhairle a fháil uainn ar tharaif a roghnú ach tá tú féin freagrach as an gcinneadh a dhéanamh ar an taraif is oiriúnaí duitse. I gcás go go bhfuil taraif roghnaithe agat nach bhfuil fóirsteanach duitse, ní bheidh Bord Gáis Energy freagrach as seo ná as táillí ar bith a gearradh mar gheall ar do rogha mhícheart. Chun do tharaif a athrú glaogh orainn ar 1850 632 632 le do thoil.

(e) Déantar roinnt taraifí a ríomh bunaithe ar úsáid thar thréimhse 12 mhí. I gcás go bhfuil tú ar tharaif ceangaltais a ríomhtar thar úsáid 12 mhí, beidh gá le do bhillí a choigeartú má chinneann tú do tharaif a athrú laistigh den tréimhse 12 mhí. Beidh tú faoi dhliteanas íos as aon chostais a bhaineann leis seo tar éis do bhillí a athríomh.

7. Íocaíocht na gCuntas

(a) Ní mór duit costas an Gháis Nádúrtha a úsáideadh san Áitreabh, nó an méid a mheastar gur úsáid tú le linn na Tréimhse Billéala (móide VAT) agus aon chostas soláthair is infheidhme maidir leis an taraif a roghnaigh tú a íoc linn.

(b) Mura bhfuil a mhalairt comhaontaithe againn, tá gach bille, lena n-áirítear léamh Méadair measta, iníoctha ar an dáta atá sonraithe sa bhille.

(c) Ní mór duit suim ar bith atá sonraithe sa bhille le haghaidh seirbhísí eile a d'aontaíomar a chur ar fáil duit a íoc linne chomh maith.

(d) Ní mór duit muid a íoc as Oibreacha Láithreáin ar bith a d'iarramar nó a d'iarr tusa go gcuirfí i gcrích iad ag d'Áitribh agus ar ghearr Bord Gáis Networks táillí orainn ina leith. Áirítear air seo glasáil, díghlasáil, dícheangal, nó athcheangal nó tástáil an Mhéadair (ach níl sé teoranta do na nithe sin).

(e) Muirearaítear Gás Nádúrtha in kWh. Cuirtear fachtóir tiontaithe (kWh) i bhfeidhm chun an léamh Méadair nó léamh Méadair measta a thiontú ina uaireanta cileavata (kWh). Soláthraíonn Bord Gáis Networks an fachtóir tiontaithe dúinn agus tá sé léirithe ar do bhille.

(f) Cuirtear an costas aonaid ar kWh Gás Nádúrtha i bhfeidhm maidir le líon na kWh a úsáideadh nó a mheastar a úsáideadh le linn na Tréimhse Billeála chun costas an Gháis Nádúrtha a d'úsáid tú ag an Áitreabh a thairgeadh. Féadfar táillí eile a bheith iníoctha (lena n-áirítear táille sholáthair) ag brath ar an taraif a roghnaigh tú.

(g) Mairfidh do dhliteanas íoc as an nGás Nádúrtha a mbaintear úsáid as san Áitreabh (móide VAT) mar aon le costais soláthair ar bith a mbeidh feidhm acu maidir leis an taraif atá roghnaithe agat agus aon suim atá sonraithe sa bhille le haghaidh seirbhísí eile a d'aontaíomar a sholáthar duit, go dtí go mbeidh na suimeanna ar fad íoctha agat.

(h) Ní mór duit muid a íoc le ceann de na modhanna atá leagtha amach ar ár suíomh Gréasáin, atá ar chúl do bhille nó mar atá leagtha amach inár gCód Ceachtais dar teideal "Íocaíocht do Bhille".

(i) Mura íocann tú aon suim linn atá dlite faoin gConradh beidh tú faoi dhliteanas ús a íoc linn ón dáta dlite de réir ráta is ionann agus 2% os cionn EURIBOR, a fhabhróidh ó lá go lá go dtí go ndéanfar an íocaíocht.

(j) I gcás go ndiúltaíonn tú d'aon suimeanna a dhlitear dúinne uait i leith Gáis Nádúrtha a íoc nó go ndéanann tú faillí iontu, féadfaimid iarraidh ar Bord Gáis Networks Méadar Réamhíocaíochta a shuiteáil i d'Áitreabh d'fhonn do sholáthar a choinneáil agus/nó aon fhiachas Gáis Nádúrtha a dhlitear uait is féidir a aisghabháil tríd an Méadar Réamhíocaíochta a íoc ar ais. Féadfaidh tú a bheith freagrach as costas an Méadar Réamhíocaíochta a shuiteáil.

(k) Eiseofar chugat Cárta Gáis lena úsáid leis an Méadar Réamhíocaíochta. Beidh tusa freagrach as an gCárta Gáis a choimeád slán. Má theastaíonn Cárta Gáis ina ionad uait, muirearófar ort é de réir an ráta a bheidh i réim an tráth sin. Féach ar ár gCód Cleachtais ar Mhéadrú Réamhíocaíochta chun tuilleadh eolais a fháil ar Mhéadrú Réamhíocaíochta, le do thoil. Is féidir leat cóip den chód seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 21.

(l) Má tá cuntas agat linne ag Áitreabh eile, féadfaimid aon chreidmheas nó aon fhiachas a aistriú idir do chuntais chun aon airgead a dhlitear dúinne uait a fháil ar ais.

(m) Féadtar cóip dár gCód Cleachtais dar teideal "Ag Íoc as do Bhille Leictreachais" a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Coinníoll 21.

8. An Fuinneamh a Sholáthraítear a ríomh

(a) Gearrfar táille ar an gcustaiméir i leith líon na n-uaireanta kiloWatt (kWh) de Ghás Nádúrtha a caitheadh, nó a mheastar a caitheadh, nó a chuaigh tríd an Méadar, nó a mheastar a chuaigh tríd an Méadar le linn na Tréimhse Billeála, de réir Mhórluach Calrach an Gháis Nádúrtha arna chinneadh ag Bord Gáis Networks.

(b) Cuirtear fachtóir tiontaithe (kWh) i bhfeidhm chun an léamh Méadair nó léamh Méadair measta a thiontú ina uaireanta cileavata (kWh). Soláthraíonn Bord Gáis Networks an fachtóir tiontaithe dúinn agus tá sé léirithe ar do bhille.

(c) Comhlíonfar ceanglais threoir 2004/22/EC maidir le gléasanna tomhais nó aon leasú nó athachtú ar an treoir sin agus soláthar an Gháis Nádúrtha a ríomh.

9. Urrús

Má shocraímid go dteastaíonn sé uair ar bith, ní mór duit urrús a chur ar fáil dúinn (agus tá foirm an urrúis seo le socrú againne). Tá sé seo ar mhaithe le hairgid ar bith a íoc a dhlifear uait de réir an Chonartha agus a bheidh fós gan íoc. Aisíocfar leat urrús ar bith a sholáthrófar dúinn i bhfoirm éarlais airgid thirim nuair a dhúnfaidh tú do chuntas ar an gcoinníoll go mbeidh na hairgid go léir a bheidh dlite íoctha laistigh de thréimhse ar leith ar an gcoinníoll go mbeidh ár dtéarmaí íocaíochta comhlíonta agat ar bhonn leanúnach, cibé acu is luaithe.

10. Custaimeirí Seirbhísí Speisialta

(a) Cuirfimid seirbhísí ar leith ar fáil dár gcustaiméirí a éilíonn seirbhísí speisialta maidir lena n-úsáid gáis. Tá sonraí maidir leis na seirbhísí speisialta seo leagtha amach inár gCód Cleachtais do chustaiméirí seirbhísí speisialta agus is féidir iad a fháil trí dhul i dteagmháil linn de réir Choinníoll 21.

(b) Tá clár custaiméirí seirbhísí speisialta á choinneáil againn. Más mian leat go gcaithfear leat mar chustaiméir seirbhísí speisialta agus na seirbhísí mar atá siad leagtha amach inár gCód Cleachtais a fháil, ní mór duit an t-eolas is gá a thabhairt dúinn atá de dhíth orainn chun an clár seo a chur le chéile agus aontaímid nach nochtfaimid an t-eolas seo do dhuine ar bith seachas Bord Gáis Networks a dteastaíonn an t-eolas seo uathu chun seirbhísí ar leith a dhéanamh duitse agus de réir na gCoinníollacha seo agus de réir an dlí.

11. Éigeandáil Gáis Nádúrtha/Líonra

I gcás éigeandáil líonra agus lena linn nó i gcás sceitheadh nó sceitheadh amhrasta Gáis Nádúrtha:

(a) Féadfaimid an soláthar Gáis Nádúrtha don Áitreabh a stopadh, má iarrann an Bainisteoir Éigeandálaí Gáis Náisiúnta, an tSeirbhís Práinnfhreagartha nó Bord Gáis Networks orainn amhlaidh a dhéanamh; agus

(b) Ní mór duit staonadh ó Ghás Nádúrtha a úsáid láithreach ar é a bheith ráite leat amhlaidh a dhéanamh ag Bord Gáis Networks nó againne nó ag an mBainisteoir Éigeandálaí Gáis Náisiúnta.

12. Seirbhís Phráinnfhreagartha

(a) lTá an tSeirbhís Práinnfhreagartha á hoibriú ag Bord Gáis Networks thar ceann na gcustaiméirí uile.

(b) Is é an uimhir ghutháin 24 uair atá ag an tSeirbhís Práinnfhreagartha ná 1850 20 50 50.

(c) Glacfaimid beart, a mhéid is féidir, le haon athrú ar shonraí na Seirbhíse Práinnfhreagartha a chur in iúl duit sula dtiocfaidh an t-athrú sin in éifeacht. Léireofar an t-eolas nuashonraithe faoin tseirbhís seo in aon chás ar ár suíomh Gréasáin www.bordgaisenergy.ie, nó is féidir teacht air ach teagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 21.

13. Teorannú Dliteanais

(a) Ní bheimid freagrach as caillteanas nó damáiste ar bith a tharlaíonn duit má theipeann orainn gás a sholáthar cionn is nach féidir linn soláthar Gáis Nádúrtha a dhaingniú, nó mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch, fabht nó briseadh ar bith sa phríomhlíonra, nó cúis réasúnach ar bith eile nach bhfuil smacht againn orthu.

(b) Ní bheimid faoi dhliteanas agat de réir an chomhaontaithe seo i gconradh, tort (lena n-áirítear faillí) nó thairis sin mar gheall ar aon chaillteanas indíreach nó iarmhartach nó aon chaillteanas geilleagrach mar thoradh ar Ghás Nádúrtha a dhíol nó a sholáthar nó maidir leis an gcomhaontú seo.

(c) Ní bheimid faoi dhliteanas ar bith a éireoidh i leith, nó maidir le teip ar bith sna seirbhísí a sholáthraíonn Bord Gáis Networks, i do Cheangal Gáis Nádúrtha nó in aon Oibreacha Láithreáin.

(d) Glacann an custaiméir dliteanas i leith chúram agus chothabháil na bhFearas agus na píboibre lena mbaineann ag an Áitreabh.

(e) Ní ghlacaimid dliteanas ar bith a éireoidh i leith d'Fhearais, na píboibre lena mbaineann ná chothabháil na bhFearas ná na píboibre lena mbaineann.

(f) Ní eiseoidh ná ní shrianfaidh aon rud sa Chonradh seo ár ndliteanas i leith damáistí a eascraíonn as dliteanas i leith báis nó gortú pearsanta a eascraíonn as neamart seo againne.

14. An Soláthar Gáis Nádúrtha a stopadh

Fanfaidh aon Mhéadar a sholáthráitear duit ina mhaoin de chuid Bord Gáis Networks agus féadfaidh Bord Gáis Networks é a thógáil nó a dhícheangal sna cúinsí seo a leanas:

(a) de réir threoracha Bord Gáis Energy de réir Choinníoll 15(b); nó

(b) ar mhaithe le sábháilteacht; nó

(c) cúiseanna amhrasta cur isteach; nó

(d) mura bhfuil aon soláthraí gáis gníomhach ag d'Áitreabh.

15. Do Cheart an Conradh a Fhoirceannadh

(a) Má tá tú ag aistriú Áitribh agus/nó mura mian leat do chuntas gáis a choinneáil ar oscailt caithfidh tú fógra seacht lá féilire a thabhairt dúinn sula bhfágfaidh tú an t-Áitreabh (nó ar shlí eile a aontóimid) ar an teileafón nó trí scríobh linn (de réir Choinníoll 21) agus an méid dlite a íoc linn i leith an Ghais Nádúrtha a úsáideadh cothrom le dáta an fhoirceanta sin agus i leith aon táillí agus oibleagáidí eile i do tharaif nó seirbhísí a d'aontaíomar a sholáthar duit faoin gConradh seo.

(b) Leanfaidh tú de bheith faoi dhliteanas i leith Gáis Nádúrtha ar bith a úsáidfear san Áitreabh go dtí go dtabharfar an fógra sin agus go mbeidh sé éagtha AGUS go dtí go mbeidh muid a) curtha ar an eolas agat faoin léamh Méadair agus ainm an chustaiméara nua tugtha agat dúinn NÓ b) go dtí go mbeidh rochtain tugtha agat do Bord Gáis Networks chun an Méadar a léamh agus go mbeidh ainm an chustaiméara nua tugtha agat dúinn. Mura féidir leat ainm an chustaiméara nua a thabhairt dúinn, ní mór duit rochtain ar an Áitreabh a thabhairt do Bord Gáis Networks chun an Méadar a chur faoi ghlas agus deireadh a chur leis an soláthar gáis don Áitreabh.

(c) I gcás nach gcomhlíonann tú ceanglais Choinníoll 15 (a) agus/nó (b) leanfaidh tú de bheith faoi dhliteanas i leith aon Gáis Nádúrtha a úsáidfear go dtí go mbeidh an Méadar faoi ghlas nó go mbeidh cuntas nua oscailte ag an Áitreabh. Más féidir a léiriú go bhfuil seandícheall déanta agat do chuntas a dhúnadh de réir an Choinníll seo, ní leanfaidh tú de bheith faoi dhliteanas i leith aon táillí maidir le do chuntas tar éis tréimhse nach faide ná dhá mhí ón dáta a d'iarr tú go ndúnfar do chuntas.

(d) Ní chuirfidh deireadh an Chonartha isteach ar chearta ná ar dhualgais ar bith a fabhraíodh chugat roimh dheireadh an Chonartha.

(e) I gcás go ndícheanglófar an soláthar Gáis Nádúrtha mar gheall ar fhaillí ar do thaobhsa, déanfaidh tú na costais go léir a thabhóidh le réasún agus costas an dicheangail agus athcheangail ina dhaidh sin, más ann dó, a íoc linn.

(f) Tá tuilleadh eolais maidir lenár mbeartas agus lenár nósanna imeachta lena gcuirtear faoi deara Méadair a ghlasú nó Áitribh a dhícheangal ón líonra Gáis Nádúrtha leagtha amach inár gCód Cleachtais dar teideal "Íocaíocht do Bhille" is féidir a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 21.

(g) Má fhaigheann tú bás, beidh d'Ionadaí Pearsanta, nó áititheoirí an Áitribh de thuras na huaire, nó an bheirt acu lena chéile, faoi dhliteanas i leith aon soláthair Gáis Nádúrtha don Áitribh go dtí go ndéanfar Conradh nua chun Gás Nádúrtha a sholáthar don Áitreabh nó go dtí go ndéanfar an Conradh seo a fhoirceannadh.

16. Ár gCeart an Méadar a Dhícheangal nó a Ghlasú agus an Conradh a Fhoirceannadh

(a) Féadfaimid do Mhéadar a ghlasú agus/nó a dhícheangal agus an Conradh seo a fhoirceannadh sna cúinsí seo a leanas:

(i) Le fógra, mura bhfuil airgead ar bith íoctha agat atá dlite uait faoin gConradh seo agus má leanamar ár mbeartas inár gCód Cleachtais ar "Íocaíocht do Bhille" agus iarracht á déanamh an t-airgead sin a fháil ar ais.

(ii) Le fógra, má leanann tú de na Coinníollacha seo a shárú ar feadh míosa nó níos mó, agus fógra faoin sárú céanna faighte agat uainn.

(iii) Trí fógra a thabhairt, mura n-aontaíonn tú chun Méadar Réamhíocaíochta a shuiteáil ar mhaithe le fiacha a ghlanadh, nuair is iomchuí.

(iv) Gan fógra, má chuireann an Bainisteoir Éigeandálaí Gáis Náisiúnta, an tSeirbhís Práinnfhreagartha nó Bord Gáis Networks in iúl dúinn go bhfuil aon baol tine nó pléasctha nó gortaithe ann do dhaoine nó do mhaoin mar thoradh ar aon fhabhtanna nó fabhtanna amhrasta sa phríomhlíonra soláthair, píobán seirbhíse, suiteáil Méadair nó sna Fearais agus mura gceartófar é seo laistigh de thréimhse réasúnach.

(v) Gan fógra, má mheasaimid go bhfuil aon bhaol tine nó pléasctha nó gortaithe ann do dhaoine nó do mhaoin mar gheall ar aon fhabhtanna nó fabhtanna amhrasta sa phríomhlíonra soláthair, píobán seirbhíse, suiteáil méadair, nó i do shuiteálacha inmheánacha isteach go dtí na fearais agus na Fearais san áireamh.

(vi) Gan fógra, muna mbíonn Ceadúnas againn go fóill soláthar a dhéanamh do d'Áitreabh.

(vii) Gan fógra, má thugtar treoir soláthair rogha dheireanaigh do sholáthraí eile maidir leis an Áitreabh, agus beidh deireadh leis an gConradh ar an dáta nuair a thagann an treoir sin i bhfeidhm.

(b) Ní chuirfidh deireadh an Chonartha isteach ar chearta ná ar dhualgais ar bith a bheidh fabhraithe chugainn roimh dheireadh an Chonartha.

17. Gearáin

(a) Tá cead agat gearán a dhéanamh maidir le ceist ar bith a ardaítear de réir an Chonartha seo trí theagmháil a dhéanamh lenár Rannán um Sheirbhís do Chustaiméirí de réir Coinníoll 21.

(b) Is amhlaidh go bpléifear le gearáin ar bith a dhéanann tú de réir ár gCóid Chleachtais le dul i ngleic le gearáin chustaiméirí. Is féidir leat cóip den chód seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 21.

18. Éagsúlacht ó na Coinníollacha Ginearálta

(a) Féadfaimid na coinníollacha seo a leasú, a athrú, nó cur leo aon tráth ar ocht lá is fiche (28 lá) fógra i scríbhinn a thabhairt duit. Cuirfidh an fógra seo in iúl cén áit ar féidir leat breathnú ar na Coinníollacha nua nó cóip a fháil díobh. Mura féidir leat glacadh le haon athrú, ábhar breise nó leasú, tá cead agat deireadh a chur leis an gConradh de réir Choinníoll 14 (a) (na Coinníollacha gan athrú a bhfuil feidhm acu le linn na tréimhse fógra ocht lá is fiche) nó is amhlaidh go measfar gur ghlac tú leis na Coinníollacha nua seo.

(b) Léireofar na Coinníollacha ar ár suíomh Gréasáin, nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Coinníoll 21.

19. Sannadh

(a) Is féidir go sannfaimid nó go n-aistreoimid chuig duine ar bith eile leas an Chonartha seo nó ár gcearta agus ár n-oibleagáidí uile nó cuid acu gan cead scríofa uait roimhe.

(b) Ní féidir leat an Conradh seo a shannadh gan toiliú i scríbhinn a fháil uainn roimh ré, toiliú nach gcoimeádfar siar go míréasúnach.

20. Fógraí

(a) Seachas fógraí faoi athruithe ar phraghsanna faoi Choinníoll 6(c) beidh fógra cuí tugtha againn duit sna cásanna seo a leanas:

(i) má chuirimid an fógra leis an bpost chuig an seoladh is deireanaí is eol a bheith agat ar an dara lá i ndiaidh an dáta a postáladh é; nó

(ii) má dhírímid an fógra ar roinnt dár gcustaiméirí nó ar ár gcustaiméirí uile i bhfógra i nuachtán náisiúnta. Féadfar fógraí a áireamh in aon scéala eile a chuirimid chugat.

(b) Beidh fógra ceart tugtha agat dúinn má chuireann tú an fógra le post chugainn inár bpríomhoifigí de réir Coinníoll 21.

21. Sonraí Teagmhála

(a) Is féidir teagmháil a dhéanamh lenár Rannán Seirbhísí do Chustaiméirí.

(i) I scríbhinn chuig:
Bord Gáis Energy
Bosca Oifig Phoist 10943
Baile Átha Cliath 1

(ii) Trí ghlaoch gutháin: 1850 632 632

(iii) Ar facs: 1850 631 631

(iv) Le r-phost: info@bordgais.ie

(v) Minicom: 1850 630 630

Tabhair do d'aire le do thoil, ní dhéileálfaimid ach le sealbhóir an chuntais, agus sin amháin, chun críocha cosanta sonraí.

Is féidir teacht ar chuid den eolas mar atá curtha ar fáil sna coinníollacha ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie

(b) Is féidir an t-eolas teagmhála seo a leasú nó a athrú ó am go chéile. Léireofar an t-eolas nuashonraithe maidir leis seo ar ár suíomh Gréasáin agus ar do bhille.

22. Cóid Chleachtais agus Cairt Chustaiméirí Bord Gáis Energy

(a) Tá Cúig Chód Cleachtais againn ag plé le Gearáin a Láimhseáil, Margaíocht, Bíllí a Íoc, Méadrú Réamhíocaíochta agus Custaiméirí Seirbhísí Speisialta ina leagtar amach an bealach ina ndéanaimid gnó i ngach ceann de na réimsí seo agus na seirbhísí agus leibhéil seirbhísí ar féidir leat bheith ag tnúth leo. Glaoigh orainn le do thoil ar 1850 632 632 nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie chun cóip saor in aisce a fháil.

(b) Tá Cairt Chustaiméirí againn ina leagtar amach ar ndualgais maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus ár 6 chaighdeán seirbhíse atá ráthaithe. Glaoigh orainn le do thoil ar 1850 632 632 nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie chun cóip saor in aisce a fháil.

23. Eolas do Chustaiméirí

Aontaíonn tú go bhféadfaimid d'eolas a thabhairt do Bord Gáis Networks agus Gaslink ar mhaithe le Córas Dáilte Bord Gáis Networks a oibriú agus tú a cheangal leis agus chun críocha "Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh Úsáideoirí Gáis ag Pointí Tógála As Méadraithe Neamhlaethúla (NDM)".

24. Fógra Cosaint Sonraí

(a) Caithfidh Bord Gáis Éireann sonraí a bhaineann leat a bhailiú agus a úsáid a fhad is go mbeidh Gás Nádúrtha á sholáthar duit, ionas go mbeidh Bord Gáis Éireann in ann seirbhís éifeachtach a chur ar fáil duit. Úsáidtear na sonraí seo don chuid is mó chun do chuntas custaiméirí a bhainistiú agus le cúiseanna oibríochta, lena n-áirítear, mar shampla, cuairt a thabhairt ar d'Áitreabh, oibreacha is gá ag d'Áitreabh agus gníomhaíochtaí tógála agus cothabhála. Anuas air sin, d'fhéadfaí sonraí a bhaineann leat a úsáid ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, riaracháin, measúnaithe priacail, margaíochta agus seiceála creidmheasa. Bainimid úsáid as na sonraí atá againn fút chun seiceálacha creidmheasa a dhéanamh agus chun calaois a sheachaint le gníomhaíochtaí ceadúnaithe, gníomhaíochtaí seachadta calaoise agus Soláthraithe gás ceadúnaithe eile. D'fhéadfadh na heagraíochtaí na sonraí seo a thaifead chun calaois a sheachaint, chun cabhair a thabhairt chun cinntí a dhéanamh fút maidir le creidmheas mar aon le feidhmeanna

bailithe fiacha.D'fhéadfadh Bord Gáis Éireann do chuid sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta tar éis do Ghás Nádúrtha gan a bheith á sholáthar duit a thuilleadh ach ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá agus/nó mar is gá de réir andlí.

(b) Is féidir go nochtfaidh Bord Gáis Éireann do shonraí do bhaill eile de ghrúpa Bhord Gáis Éireann agus gníomhairí a fheidhmíonn thar ceann Bhord Gáis Éireann maidir leis na gníomhaíochtaí a dtagraítear dóibh thuas. Níl cead ag na gníomhairí sin úsáid a bhaint as do shonraí ach de réir mar a cheadaíonn Bord Gáis Éireann. Tá dualgas orthu do shonraí a choinneáil sábháilte agus slán chomh maith.

(c) Is féidir leat labhairt le fostaithe de chuid Bhord Gáis Éireann (nó gníomhairí atá ag feidhmiú ar a shon) ar an nguthán ó am go ham. D'fhéadfaí na comhráite gutháin sin a thaifeadadh, lena chinntiú go gcuireann Bord Gáis Éireann seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil. Caithfidh Bord Gáis Éireann leis an eolas taifeadta sin faoi rún agus ní úsáidfidh sé é ach ar mhaithe le hoiliúint foirne/rialú cáilíochta, na sonraí ó do chuid comhráite le Bord Gáis Éireann a dheimhniú nó chun aon chríche eile a luaitear san Fhógra seo.

(d) Tá sé de cheart agat cóip de do shonraí pearsanta a lorg (Tá Bord Gáis Éireann i dteideal táille riaracháin ainmiúil a ghearradh ort ina leith). Má tá tú ag iarraidh leas a bhaint as an gceart seo, ba cheart duit iarratas scríofa a chur chuig: Bord Gáis – Oifigeach Cosanta Sonraí, Bosca Oifig Phoist 51, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh. Seans go n-iarrfar ort cruthúnas aitheantais cuí a chur ar fáil chun do phríobháideachas a chosaint. Inis dúinn má tá aon chuid de do shonraí mícheart agus leasóimid iad.

25. Margaíocht

Féadfaidh Bord Gáis Éireann, baill den ghrúpa Bhord Gáis Éireann agus/nó gníomhairí a fheidhmíonn thar ceann Bhord Gáis Éireann a bheith ag iarraidh dul i dteagmháil leat trí theachtaireacht téacs, r-phost, ar an nguthán nó i bpearsa le heolas ar tháirgí agus ar sheirbhísí (a bhaineann le gás, leictreachas nó táirgí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na cinn a thairgeann tríú páirtithe) ar spéis leat iad.

Lean na treoracha thíos go cúramach le do thoil lena chinntiú go dtabharfar aird ar do roghanna margaíochta.

Mura mian leat r-phost nó teachtaireacht téacs a fháil ina mbeidh eolas ar tháirgí agus ar sheirbhísí Bhord Gáis Éireann a bhaineann le soláthar an Gháis Nádúrtha nó leictreachais, bain leas as do cheart díliostála a bhfuil cur síos thíos air, le do thoil.

Mura mian leat go rachfar i dteagmháil leat leis an bpost, ar an nguthán nó leat féin faoi eolas ar tháirgí agus sheirbhísí Bhord Gáis Éireann, lena n-áirítear na cinn nach mbaineann le soláthar an Gháis Nádúrtha, bain leas as do cheart díliostála a bhfuil cur síos thíos air.

Conas do cheart díliostála a fheidhmiú

Is féidir leat do cheart díliostála a fheidhmiú ar na bealaí seo a leanas:

scríobh chugainn ag:

Bord Gáis Energy
Díliostáil Cosanta Sonraí
Bosca Oifig Phoist 10310
Saorphost F4062
Baile Átha Cliath 1

NÓ

an Fhoirm Ghréasáin a chomhlánú ar www.bordgais.ie/energysupply/dp

26. Ginearálta

(a) Tá na ceannteidil sna Coinníollacha seo le haghaidh cuidithe amháin agus ní chuirfidh siad isteach ar a sainmhíniú.

(b) Má chuirim sárú an Chonartha agat i leataobh, ní mheastar gur tarscaoileadh nó cuid de tharscoileadh sin ar shárú ar bith a dhéanann tú ina dhiaidh sin ar an soláthar céanna nó ar sholáthar ar bith eile.

(c) má chinntíonn údarás cuí reachtaíochta go bhfuil soláthar ar bith na gCoinníollacha seo neamhcheadaithe nó muna féidir é a chur i bhfeidhm sa iomlán nó mar chuid de ní chuirfear isteach ar fhíorú sholáthar eile na gCoinníollacha seo agus ní chuirfear isteach ar an gcuid eile den soláthar atá i gceist mar gheall ar an gcinneadh sin.

(d) Forléireofar agus déanfar an Conradh a rialúdhlíthe na hÉireann agus beidh dlínse faoi leith ag cúirteanna na hÉireann le cinneadh a dhéanamh faoi aighnis ar bith a ardaítear idir sinne agus tú féin.